Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7463/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0061(NLE)**

**TRANS 163**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 59ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar Fhoscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 59ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar Fhoscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is trí bhíthin Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[1] a d'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999.

(2) De bhun Airteagal 6 de COTIF, déanfar trácht iarnróid idirnáisiúnta agus cead d'ábhar iarnróid le húsáid sa trácht idirnáisiúnta a rialú leis na rialacha a liostaítear san Airteagal sin, go háirithe an 'Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID)', is é sin Foscríbhinn C a ghabhann le COTIF.

(3) Le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], leagtar síos riachtanais le haghaidh iompar earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród agus ar uiscebhealaí intíre laistigh de na Ballstáit nó eatarthu agus tagairt á déanamh do RID.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 18 de COTIF, is féidir leis an gCoiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (d), de COTIF ('Coiste Saineolaithe RID') leasuithe a ghlacadh, *inter alia*, ar an Iarscríbhinn a ghabhann le RID.

---

[1] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999, IO L 51, 23.2.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj).

[2] Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha, IO L 260, 30.9.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/68/oj).

(5) Le linn an 59ú seisiún dá chuid an 28 Bealtaine 2026, meastar go nglacfaidh Coiste Saineolaithe RID leasuithe chun an Iarscríbhinn a ghabhann le RID a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Saineolaithe RID a bhunú, ós rud é go mbeidh na leasuithe ar RID ina gceangal ar an Aontas.

(7) Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe a áirithiú gur go sábháilte éifeachtúil a iompraítear earraí contúirteacha d'iarnród, agus dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil san earnáil sin, chomh maith le forbairt substaintí agus earraí nua a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol le linn a n-iompartha, á gcur san áireamh.

(8) Meastar gurb iomchuí na leasuithe atá beartaithe ó thaobh iompar sábháilte earraí contúirteacha ar bhealach atá costéifeachtach de agus ba cheart tacú leo dá bhrí sin.

(9) D'fhéadfaí mionathruithe ar na doiciméid dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chomhaontú ar an leibhéal teicniúil ag an 20ú seisiún de bhuanmheitheal Choiste Saineolaithe RID an 27 Bealtaine 2026, lena n-áirítear ar bhonn na moltaí ó Chruinniú Comhpháirteach Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip de Choiste Saineolaithe RID agus ón Meitheal um Iompar Earraí Contúirteacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 59ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród ('Coiste Saineolaithe RID') faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gCoiste Saineolaithe RID mionathruithe ar na doiciméid dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Foilseofar na cinntí ó Choiste Saineolaithe RID in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus dáta a dteacht i bhfeidhm á shonrú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*